Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

20 Bealtaine 2024 Uimhir 35

Bord Bainistíochta:

1. Cursaí Slainte agus Sábháilteachta:

Tá cruinniú eile ag tarlúint go luath ar an gCampas idir na príomhoidí, baill an bhoird, ionadaithe Choiste na dTuismitheoirí agus oifigigh ón gComhairle Contae Chill Dara.

Tá an Comhairle Tim Durkin tar éis airgid a bhí fágtha ina bhuiséad ón gCáin mhaoine a chur ar fáil dúinn chun cursaí sábháilteachta a fheabhsú timpeall na scoile. Beimid ag lorg breis oibre ón gComhairle Contae ag an gcruinniú.

2. Foirgneamh Buan:

Tá an-ionadaíocht déanta ag Comhairleoirí Contae, Teachtaí Dála agus Airí éagsúla ag fiosrú faoi ár bhfoirgneamh buan. Tá an Roinn Oideachais tar éis a rá linn gur tosaíocht í Gaelscoil Ruairí ach níl scála ama ar bith túgtha dúinn agus níl ár scoil imithe amach do thairiscintí go fóill.

Tá rúnaí príombháideach an Aire Oideachais ina chomhfhreagrais tar eis a rá,

'The Department assures that the major building project for Gaelscoil Ruairí, Maynooth is a significant priority' ach tá scála ama uainn ag an bpointe seo.

Tá an freagra céanna faighte ó gach duine a rinne fiosrúchán leis an Aire Oideachais ar ár son. Tá an freagra a túgadh sa Dáil le feiceáil tríd an nasc seo,

https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2024-04-25/208/#pq_208

Leanaimid ar aghaidh ag lorg freagraí agus iarrtar ar gach duine an brú a choiméad ar na hionadaithe poiblí ar fad sa cheantar freagra a fháil ón Roinn. Táimid ag brath oraibhse ár bhfoirgneamh buan a choiméad i mbéal an phobail.

Board of Management:

1. Health and Safety:

There is another meeting taking place shortly between the school principals, board members, and parent committee members on the campus with officials from Kildare County Council.

Cllr Tim Durkin has agreed to provide a surplus of his property tax budget to making safety improvements around the campus. We will be requesting more work be carried out by the Council than his budget allows.

2. Permanent Building:

We have received good representation from Councillors, TD's and Ministers enquiring about our permanent building. The Department of Education is telling us that our school is a priority but as of yet we have not received any timeline and our school has yet to go out to tender.

The private secretary of the Minister of Education has written to us and said,

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

20 Bealtaine 2024 Uimhir 35

'*The Department assures that the major building project for Gaelscoil Ruairí, Maynooth is a significant priority' but we urgently require a time frame.*

The same response has been given to all parties who have made enquiries on our behalf to the Minister of Education. The following link shows the response given to a question asked in the Dáil,
https://www.oireachtas.ie/en/debates/question/2024-04-25/208/#pq_208

We will continue to look for answers and we would ask everyone to keep up the pressure on all public representatives in relation to getting information on our permanent building. We are depending on you to keep our permanent school building in the public eye.

CLG:

Leanfaidh an traenáil peile do na naíonáin leis an gCLG Mhaigh Nuad amárach díreach tar eis scoile. Beidh siad réidh le bailiú ag an bpáirc peile trasna ón scoil ar a 2.00i.n.
Beidh an traenáil peile do pháistí R1 go R3 le múinteoirí na scoile agus le CLG Mhaigh Nuad díreach i ndiaidh scoile amárach chomh maith. Beidh siad réidh le bailiú ag an bpáirc peile ar a 3.00i.n.
Beidh cosaint fiacla de dhíth ó gach páiste ó Rang a 1 ar aghaidh.

GAA:

The infant football training will continue tomorrow immediately after school with Maynooth GAA. The children will be ready for collection at the football pitches across the road from the school at 2p.m.
Football training for children from 1st class to 3rd class will also take place tomorrow after school with the teachers and with the Maynooth GAA and the children will be ready for collection from the pitches at 3p.m. It is compulsory for all children from 1st class on to wear mouth guards.

Coiste na dTuismitheoirí:

1. Dúshlán na gCéimeanna:

Cuireadh tús le dúshlán na gcéimeanna Dé Luain seo caite agus tá súil againn go bhfuil gach duine a chláraigh go dtí seo ag baint taithnimh as. Más mian leat páirt a ghlacadh sa dúshlán tá grúpa WhatsApp curtha ar bun ag gach rang. Muna bhfuil tú ar WhatsApp, seol ríomhphost chuig coistetuisti@gaelscoilruairi.ie agus beimid sásta cabhrú leat.

2. Súilóid Urraithe / Díolachán Cácaí:

Beidh an tsiúlóid urraithe agus díolachán cácaí ar siúl ar an Domhnach, 9ú lá de mhí an Meithimh ó a 10r.n. - 12.30i.n. Buailfimid i Halla na Gasóga, Sráid Laighean (in aice le Stáisiún na nGardaí) dár siúlóid urraithe timpeall Champas Choláiste Mhaigh Nuad. Fillfimid ansin ar Halla na Gasóga le haghaidh díolachán cístí, tae agus caife. Is féidir le tuismitheoirí na hearraí bácáilte a fhágáil isteach i halla na Gasóga an mhaidin sin roimh an siúlóid.

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

20 Bealtaine 2024 Uimhir 35

Tá cabhair á lorg againn ó thuismitheoirí ar an lá le maoirseacht a dhéanamh ar an siúlóid agus ar an stáisiún le deochanna teo/fuara a chur ar bun agus a reáchtáil. Cuirfimid glaoch amach arís chun cabhair a fháil níos gaire don lá.
Cuirfear cárta urraíochta don tSiúlóid Urraithe abhaile leis na páistí sna seachtainí amach romhainn.

3. Ranganna Gaeilge:
Críochnóidh na ranganna Gaeilge do thosaitheoirí Dé Máirt seo chugainn, 28ú lá de Bealtaine. Ba mhaith le Coiste na dTuismitheoirí buíochas mór a ghabháil le tuismitheoir, Fiona Ní Rian , a thug a cuid ama an rang a reáchtáil i mbliana.
Leanfaidh ranganna comhrá ar aghaidh sa scoil oíche Déardaoin ag 8i.n. Tá fáilte roimh chách.

4. Foirmiú Creidimh:
Guíonn Coiste na dTuismitheoirí gach rath ar na buachaillí agus na cailíní i Rang a 2 atá ag déanamh a gCéad Chomaoineach an Aoine bheag seo. Tá súil againn go mbeidh lá iontach acu féin agus ag a dteaghlaigh.

5. Ár bhFeachtas Bróga:
Gabhann Coiste na dTuistmitheoirí buíochas arís le gach duine a bhronn brógaí/buataisí peile don fheachtas seo. Bailíodh thart ar 50 péire san iomlán.

6. Lotto na Scoile:
Comhghairdeas le Sylvia Conlon a bhuaigh €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €1,700 anois. Go n-éirí go geal le gach duine!

Parents Committee:
1. Step Challenge:
The steps challenge kicked off last Monday and we hope all those that have signed up so far are enjoying the opportunity to get out and about. If you wish to join the challenge, a WhatsApp has been set up for each class. If you are not on WhatsApp, please email coistetuisti@gaelscoilruairi.ie and we will be happy to help.

2. Sponsored Walk/Cake Sale:
The Sponsored walk and cake sale will take place on Sunday, 9th June from 10a.m. - 12.30p.m. meeting at the Scouts Hall, Leinster Street (near the Garda Station) for our Sponsored Walk around the Maynooth College Campus. We will then return to the Scouts Hall for the cake sale, tea and coffee. All baked goods can be dropped off that morning before the walk.
We are asking for help from parents on the day with stewarding of the walk and the setting up and running of the hot/cold drinks station. We will put out a call again for help nearer the day.

A sponsorship card for the Sponsored Walk will be sent home with the children in the coming weeks.

3. Irish Classes

The beginners Irish classes will finish next Tuesday, 28th May. On behalf of the Coiste na dTuismitheoirí we would like to say a huge thank you to parent, Fiona Ní Rian who has given her time so willingly to run the class this year.

Conversational classes will continue in the school on Thursday night at 8p.m. Everyone is welcome.

4. Faith Formation:

On behalf of the Coiste na dTuismitheoirí we would like to send best wishes to the boys and girls in Rang a 2 who are making their First Holy Communion this Friday. We hope they and their families have a wonderful day.

5. Our Shoes Campaign:

Thank you again to everyone who donated trainers/football boots to this campaign. Approximately 50 pairs were collected and have been donated.

6. School Lotto:

Congratulations to Sylvia Conlon who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot now stands at €1,700.

Leabhar Liostaí na Bliana seo chugainn / Síntiús Deaonach:

Cuirfear leabhar liostaí na bliana seo chugainn ar ár suíomh greasáin an tseachtain seo. Beidh €50 in aghaidh an pháiste le híoc ag gach duine arís i mbliana mar a tharla anuraidh. Iarrtar ar gach duine í seo a íoc roimh na laethanta saoire. Fograíodh an tseachtain seo caite go bhfuil Scéim na Roinne ag leanúint ar aghaidh cé go bhfuil an méid a fhaigheann na scoileanna íslithe i mbliana.

Glacann an scoil go buíoch le síntiúis dheonacha chomh maith. Cabhraíonn na síntiúis seo linn acmhainni a cheannach do na páistí nach gcuireann an Roinn Oideachais ar fáil don scoil. Moltar €25 in aghaidh an téarma nó €75 don bhliain in aghaidh an pháiste ach tá an íocaíocht seo deonach.

Iarrtar ar gach duine na híocaíochtaí a dhéanamh thar líne agus ríomhphoist a sheoladh chuig an oifig nuair a dhéantar é sin mar is gnáth.

Next Year's Book Lists / Voluntary Contribution:

The book lists for next year will be uploaded onto our website this week. €50 per child has to be paid per child as was the case last year. We are asking for this to be paid by the summer holidays. It was announced last week that the Department's Free Book Scheme is continuing although the amount per child has been reduced this year.

The school also gratefully accepts voluntary contributions. These help the school to buy resources that are not funded by the Department of Education. We suggest €25 per term or €75 per year per child but this is a voluntary payment.

We ask that all payments are made online and that an email is sent to the office when this is made as always.

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

20 Bealtaine 2024 Uimhir 35

Ceachtanna Snámha (R1 - R4):
Beidh R1 go R4 ag dul ag déanamh ceachtanna snámha an bhliain seo chugainn. Déanfar iad san Ionad Náisiúnta Uisce i mBaile Blainséir arís an bhliain seo chugainn. Tosóidh siad i Mí Eanáir agus leanfaidh siad ar aghaidh ar feadh sé seachtaine. Beidh an praghas iomlán ar na ceachtanna snámha leis an mbus san áireamh don bhliain seo chugainn ná €60.
Iarrtar ar gach duine é seo a íoc roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair.

Swimming Lessons (1st Class to 4th Class):
1st class to 4th class will attend swimming lessons next year. They will take place in the National Aquatics Centre in Blanchardstown again. They will start in January and continue for six weeks. The total price for the lessons next year including the price of the bus is €60
We are asking everyone to pay for this by the end of October.

Searmanas Bronnta dár mBrat Glas:
Guímid gach rath ar Mhúinteoir Eimear agus triúr ón gCoiste Glas atá ag dul chuig an Heilix amárach don tSearmanas Bronnta don Bhrat Glas.
Tá an-obair déanta ag an gCoiste agus ag an scoil uilig agus is cúis mhór bhróid í an t-aitheantas seo a fháil dár scoil.
Green Flag Presentation Ceremony:
We wish Múinteoir Eimear and the three Green Committee members all the very best for tomorrow as they head to the Helix for the Green Flag Presentation Ceremony.
The committee and whole school have done a lot of work in relation to recycling and we are extremely proud to be receiving this recognition.

Lá Spóirt na Scoile:
Beidh lá spóirt na scoile ar an Máirt, an 18 lá de mhí an Mheithimh. Beidh na páistí ar fad i mbun gníomhaíochtaí spóirt don lá ar fad.
Beidh rásaí na naíonán ag tosú ar a 12i.n. agus beidh rásaí R1-R3 ag tosú ar a 1i.n. ar an bpáirc peile trasna an bhóthair ón scoil.
Gheobhaidh na páistí ó Naíonáin bheaga go R1 bonn óir i mbliana. Gheobhaidh na buatóirí ó R2 agus R3 bonn ach gheobhaidh na páistí ar fad i R2/R3 teastas. Seo athrú beag i mbliana.
Tá fáite roimh chách ag na rásaí.
School Sports's Day:
The school's sports' day will take place on Tuesday 18th June. All the children will participate in sports activities on the day.
The infant races will start at 12p.m and the races for 1st-3rd class will start at 1p.m. on the pitch across the road from the school.
All the children from junior infants to 1st class will receive a gold medal. The winners in 2nd and 3rd class will receive a medal but all children in these classes will receive a certificate. This is new this year.
Everyone is welcome to attend the races.

Samhradh in Éirinn!
Mar is eol dúinn ar fad, is féidir leis an aimsir in Éirinn le linn mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh a bheith athraithreach. Ba mhaith linn a mheabhrú do gach duine go mbíonn cótaí báistí chomh maith le hataí gréine de dhíth in aon lá amháin go minic. Cuirigí uachtar gréine ar na páistí ar maidin le bhur dtoil agus is féidir leis na páistí teacht ar scoil i mbristí gearra dúghorma in ionad bristí más maith leo.

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

20 Bealtaine 2024 Uimhir 35

Summer in Ireland!
As you are all very much aware, Summer in Ireland during the months of May and June can be very changeable. We would like to remind everyone that raincoats and sun hats can often be required on the same day.
Please apply sun-cream in the morning, and remember, the children can come to school in navy shorts instead of trousers if they wish.

Lá Teaghlaigh Ghaeilge Nuada:
Meabhrúcháin - Dé Sathairn 25 Bealtaine 2024:
Is grúpa áitiúla é Gaeilge Nuada a bunaíodh chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar. Tagaigí amach don imeacht seo atá á réachtáil acu do theaghlaigh trí Ghaeilge in ár scoil i mbliana!

Clár-Ama an Lae:
10r.n. Giggles an Fear Grinn (Clú agus Cáil air ag imeachtaí Gaelacha!)

10.15r.n. Ceardlann Ceoil 1 / Ceardlann Ealaíne 1

10.35r.n. Ceardlann Ceoil 2 / Ceardlann Ealaíne 2

11r.n. Ceardlann Scileanna Sorcais

11.15r.n. Mr Whippy - Uachtar Reoite do na páistí

11.30r.n. Seó Sorcais!

12.00i.n. Críochnaithe!

Beidh tae/caifé agus soláistí ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí le linn na maidine.
Beidh deochanna agus soláistí ar fáil do na páistí chomh maith.
Is imeacht iomlán saor in aisce é seo!

Gaeilge Nuada's Family Day:
Reminder - This Saturday, 25th May 2024:
Gaeilge Nuada are a local group formed to promote the Irish language in the local community. Come out for their family event taking place in our school this year!

Time-Table:

10r.n. Giggles the Clown (A real hit at all family events through Irish!)

10.15a.m. First Music Workshop / First Art Workshop

10.35a.m. Second Music Workshop / Second Art Workshop

11a.m. Circus Workshop
11.15a.m. Mr. Whippy (Ice-creams for the children)

11.30a.m. Circus Show

12.00p.m. Finished

Tea / Coffee and refreshments will be available for parents / guardians throughout the morning.
Drinks and refreshments will be available for the children.
This is a completely free event!